Eolas maidir leis an bpost i Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig, Meitheamh 2011

Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Tá Coláiste Phádraig ar cheann den dá Choláiste Oideachais is mó in Éirinn. Bunaíodh é sa bhliain 1875 mar Choláiste oiliúna Caitliceach. Tá raon clár léinn san Oideachas agus sa Léann Daonna á thairiscint ag an gColáiste, na cúrsaí seo a leanas ina measc: BOid, BA, Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht), MOid, MA, PhD agus an Dochtúireacht san Oideachas.

Ó 1993 ar aghaidh, tá an Coláiste mar Choláiste de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá gach cúrsa ann creidiúnaithe ag an Ollscoil. Le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar líon na foirne agus ar líon na mac léinn. Tá thart ar 2,500 mac léinn ag freastal ar chúrsaí sa Choláiste faoi láthair.

Chomh maith leis na príomhfhoirgnimh ar champas an Choláiste tá na foirgnimh seo a leanas: árais na mac léinn, Ionad Taighde san Oideachas agus Ionad Oideachais do Mhúinteoirí.

Roinn na Gaeilge

Is í Roinn na Gaeilge an roinn acadúil is mó i nDámh an Léinn Dhaonna i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Is roinn bhisiúil í a bhfuil traidisiún láidir teagaisc, taighde agus foilsitheoireachta aici. Tairgeann an Roinn cúrsaí sa Ghaeilge Acadúil mar chuid de na céimeanna BA agus BOid, cúrsaí sa Ghaeilge Ghairmiúil mar chuid den chúrsa BOid agus den Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht), agus cúrsaí acadúla iarchéime, an MA Teagaisc, an MA Taighde agus PhD. Tá deichniúr léachtóirí lánaimseartha ag obair sa Roinn faoi láthair agus foireann líonmhar teagascóirí teanga páirtaimseartha ag cuidiú leo.

Cúrsaí Nua-Ghaeilge is mó a mhúineann Roinn na Gaeilge, agus ar na sainréimsí léinn agus teagaisc a bhíonn á saothrú ag foireann na Roinne tá: Stair na Litríochta; Filíocht agus prós an 17ú, an 18ú agus an 19ú haois; an Athbheochan; an Nualitríocht agus Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge; an Chritic Liteartha; na hEalaíona Béil, an tAistriúchán; an tSochtheangeolaíocht agus an Teangeolaíocht Fheidhmeach; an Chanúineolaíocht; agus Meáin Chumarsáide na Gaeilge. Ritheann snáitheanna téamúla trí churaclam na bunchéime, agus féachtar le roghanna idir cúrsaí a chur ar fáil do mhic léinn sa dara bliain agus sa tríú bliain den chéim.

Bheifí ag súil go gcuirfeadh léachtóir nua le réimse na gcúrsaí atá á thairiscint ag an Roinn faoi láthair agus go nglacfadh sé/ sí páirt ghníomhach in imeachtaí uile na Roinne.

An Folúntas

Fáilteofar roimh iarratais ar an bpost seo a leanas:

Léachtóir/ Léachtóir Cúnta i Roinn na Gaeilge (post ar chonradh trí bliana)

Níor mhór cáilíochtaí acadúla den chéad scoth sa Nua-Ghaeilge (bheadh Dochtúireacht inmhianaithe), taithí agus ardchumas teagaisc ar an tríú leibhéal, agus próifíl taighde agus foilsitheoireachta i sainréimse nó sainréimsí de chuid Léann na Nua-Ghaeilge a bheith ag iarratasóirí. Beidh ar an té a cheapfar sa phost seo cúrsaí léachta agus seimineáir theanga a mhúineadh ag leibhéal fochéime agus iarchéime, a bheith rannpháirteach san obair forbartha ar shiollabais, ar chúrsaí agus ar acmhainní teanga atá ar bun ar bhonn Roinne, chomh maith le páirt a ghlacadh in obair riaracháin na Roinne agus in imeachtaí agus i seirbhísí acadúla an Choláiste i gcoitinne.

Scála Tuarastail:	Léachtóir Cúnta:	€46,474 - €76,853
	Léachtóir:	€50,159 - €81,401

Dualgais agus Cúraimí an Phoist

Léachtóir/ Léachtóir Cúnta i Roinn na Gaeilge (post ar chonradh trí bliana)

Beidh de dhualgais is de chúraimí ar an té a cheapfar sa phost seo:

1. Léachtaí agus cúrsaí léachtaí a thabhairt ar na cúrsaí fochéime agus iarchéime atá á dtairiscint ag Roinn na Gaeilge, de réir mar a shocrófar leis an gCeann Roinne.
2. Feidhmiú mar stiúrthóir ar thráchtais iarchéime, de réir mar a shocrófar leis an gCeann Roinne.
3. Seimineáir i labhairt agus i scríobh na Gaeilge a thabhairt do mhic léinn fochéime agus iarchéime na Roinne, de réir mar a shocrófar leis an gCeann Roinne.
4. Páirt ghníomhach a ghlacadh san obair forbartha ar shiollabais, ar chúrsaí agus ar acmhainní teanga atá ar bun ar bhonn Roinne.
5. Próifíl ghníomhach taighde agus foilsitheoireachta a fhorbairt.
6. Páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí taighde na Roinne, idir sheimineáir, chomhdhálacha, fhoilseacháin agus chomhfhiontair thaighde.
7. Feidhmiú mar stiúrthóir nó mar chomhstiúrthóir ar ghrúpa nó ar ghrúpaí mac léinn, de réir mar a shocrófar leis an gCeann Roinne. Baineann an stiúrthóireacht seo le freagracht a ghlacadh ar son eagrú agus bhainistiú na

gcúrsaí bliana, i gcomhar le comhghleacaithe Roinne agus faoi stiúir Cheann Roinn na Gaeilge.

8. Páirt a ghlacadh sna cúraimí féitheoireachta a bhaineann le Cleachtadh Múinteoireachta na mac léinn B Oid agus an Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht).
9. Cibé cúraimí nó dualgais nó freagrachtaí eile a shamhlófaí a bheith réasúnta, a d'iarrfadh Ceann na Roinne, nó a hainmní, air/ uirthi a dhéanamh; agus cibé cúraimí nó dualgais nó freagrachtaí a shamhlófaí a bheith réasúnta a d'iarrfadh Uachtarán an Choláiste, nó a ainmní ar a shon, air/ uirthi a dhéanamh.
10. Páirt iomlán a ghlacadh in imeachtaí agus i seirbhísí acadúla an Choláiste i gcoitinne.

Iarrfar ar iarratasóirí a ghlaofar chun agallaimh cur i láthair deich nóiméad ar fad a dhéanamh, díreach roimh an agallamh, ar an ábhar 'Dearadh agus Múineadh Cúrsa Léachta d'Fhochéimithe'.

Cuirfear iarratasóirí faoi agallamh le haghaidh an phoist seo lá éigin le linn na seachtaine dar tús **22 Lúnasa 2011**.

Níor mhór don iarratas a bheith istigh faoi:

12.00 meán lae Dé hAoine, 15 Iúil 2011